



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 3 EAGRÁN 6

SAMHAIN-NOLLAIG 2016

CÉIM AR gCÚL, CÉIM CHUN CINN

Ceacht beag 2

Meanmanra 2016 2

Mise agus an
Ghaeilge 2

Scéal grinn 3

An India - An
tSeoid sa Choróin 4

Mise agus an
Eolaíocht 5

Agallamh ar
Neamh leis an
Triúr 6

Turas go Sasana -
II 7

Cáblaí 8

Uimhir a Dó 8

Leabhair don eolaí
óig 8

Sraitheanna
leabhar don
Nollaig 9

Crosfhocal &
Cuardach focal 10

Tuilleadh leabhar 11

Slán leis an Tarbh 12

Scribhneoirí 2016 12

Dúshlán do 2017 12

Le déanaí thug an Státseirbhís/ An Rialtas céim ar aghaidh eile ina bpolasaí chun an Ghaeilge a bhrú chuig an imeall. Tá sé socraithe ag grúpa oibre de leabharlannaithe poiblí nár cheart go mbeadh an Ghaeilge ina riachtanas feasta le fostaíocht a fháil sa tSeirbhís. Luadh líon na n-eachtrannach atá ag obair leo agus constaic an Ghaeilge dóibh siúd. Is léir go bhfuil níos lú meas ag na hÉireannaigh a tháinig ar an gcinneadh seo ar a gcultúr féin ná mar atá acu ar chultúir eachtrannacha. Tá ceartais ag Gaeilgeoirí atá ag íoc cánach don Stát go mbeadh seirbhís ina dteanga féin le fáil acu atá ar chomhchéim leis an tseirbhís atá ag fáil ag Béarlóirí. Cad a tharla don combhionannas a bhí i mbéal na bpolaiteoirí anuraidh agus i mbliana?

Bhí dea-scéal don teanga le déanaí freisin, an tob-Ghaeltacht. Bhí na Gaeilgeoirí le feiceáil agus le cloisteáil ar na sráideanna. Bhí siad ag “teacht amach” faoi dheireadh. Tá muintir na maidineacha caife ag labhairt Gaeilge i measc an phobail gach lá. Caithfidimid leanúint ar aghaidh agus stad a chur leis an iarracht saoránaigh den dara ghrád a dhéanamh dinn. Go seasaimid an fód le chéile!



CEACHT BEAG GAEILGE:

RÉAMHFHOCAIL SIMPLÍ - I



Séimhítear ainmfhocal dar tús consan tar éis an réamhfhocail shimplí (*simple preposition*) “do” (to):

Dhíol mé an iris **do** Phádraig - I sold the magazine to Patrick

Coimrítear “do” roimh guta agus roimh fhocal ag tosú le “f”+guta:

Tabhair an gúna dearg **d’**Áine - Give the red dress to Anne

Coimrítear “do” roimh fhocal ag tosú le “f”+guta:

Thug mé mo rothar **d’**Fhionn - I gave my bicycle to Fionn

MEANMANRA 2016

Pádraig Mac Éil

D’fhreastal mé ar Chomhdháil ar an bhFealsúnacht agus ar an tSíceolaíocht (Meanmanra 2016) i mí na Samhna. Bhí na léachtaí uile suimiúil. Thaitin ceann amháin go mór liom (is eolaí mé!), “*An Taobh Dorcha den Chruinne: adaimh, folús agus tuairimíocht (The Darkside of the Universe: atoms, vacuum and speculation)*” le Scott Oser, Ollamh le Fisic, Ollscoil British Columbia, Ceanada. Thug sé a léacht bhreá fhaisnéiseach (*informative*) trí Ghaeilge. Tá an léacht le fáil anois ar www.youtube.com/watch?v=Aq_jew4W4Wo. Is fiú féachaint uirthi. Bhí deis agam caint leis an Ollamh faoina líofacht sa Ghaeilge agus faoina shaol féin mar eolaí (*scientist*) agus tá an t-eolas thíos agus ar leathanach 5.

MISE AGUS AN GHAEILGE

An tOllamh Scott Oser

Bhí a fhios agam, agus mé óg, gur labhraíodh muintir mo sheanathar, a chol ceathracha san áireamh, an Ghearmáinis, cúpla glúin tar éis dóibh teacht go Meiriceá ón nGearmáin. Toisc gur tháinig leath mo shinsear ón nGearmáin, ach an leath eile ó Éirinn, bhíos fiosrach faoin teanga a bhí ag an gcuid eile de mo shinsir, sular tháingadar anall. Agus mé ag póirseáil i siopa leabhar athláimhe lá, cad a chonaic mé ach seanleabhar buí darbh ainm “*Teach Yourself Irish*”. Cheannaigh mé é, agus thosaigh mé á léamh, agus ar chúis éigin nach dtuigim rómhaith fós chuaigh an teanga i bhfeidhm go mór orm. Ba i Siceágó go príomha a d’fhoghlaim mé an Ghaeilge. D’fhreastalaínn ar ranganna a chuireadh cumann teanga darbh ainm “*Na Gaeil*” ar siúl cúpla uair sa tseachtain. Ba Mheiriceánaigh na múinteoirí go léir a bhí ann, ait go leor, ach ardchaighdeán ar fad a bhí acu d’ainneoin sin. Laistigh de chúpla bliain bhí líofacht éigin bainte amach agam féin (ní gan dua, áfach - is dócha go gcaithinn uair an chloig gach oíche ag léamh is ag foghlaim), agus táim ag cur snas ar mo chumas sa teanga fós. Ar an dea-uair bíonn deiseanna agam an Ghaeilge a labhairt i Vancouver. Tá ciorcal comhrá sa chathair a thagann le chéile uair sa tseachtain, agus bíonn deis agam Gaeilge a úsáid go rialta dá bharr. Is mór an áis freisin bheith in ann éisteacht le Raidió na Gaeltachta ar líne, agus tá sé de nós agam podchraoltaí a íoslódáil agus bheith ag éisteacht leo beagnach gach lá, agus mé ag spaisteoireacht thart in éineacht le mo chú.



Is minic a iarrtar orm léachtaí poiblí a thabhairt don ghnáthphobal abhus i gCeanada, agus bhí a leithéid déanta roinnt uaireanta i mBéarla. Ní raibh a lán deacrachtaí agam Gaeilge a chur ar mo chaint. Ceaptar uaireanta nach mbeadh tuiscint ag daoine ar théarmaíocht eolaíochta i nGaeilge, ach níl cás an Bhéarla pioc difriúil dar liom. Ní bhíonn tuiscint ag daoine ar théarmaíocht theicniúil i dteanga ar bith, agus ní mór brí na bhfocal a shoiléiriú don duine nach bhfuil eolach orthu ar aon nós, is cuma cén teanga atá á húsáid. Bhaineas an-taitneamh as bheith ag caint i nGaeilge i mBaile Átha Cliath faoi mo chuid oibre, agus tá súil agam go mbeidh an deis agam é a dhéanamh arís am éigin eile!

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Tháinig bean óg álainn chuig an gcuntar sa siopa, oíche Nollag.

“Tá mé ag lorg tinsil chun maisiú a dhéanamh ar mo chrann Nollag”, dúirt sí leis an bhfreastalaí siopa, fear tanaí starrfhiachlach.

“Ta-, Ta-, Taispeánfaidh mé samplaí d-, d-, duit”, d’fhreagair sé go stadach agus speabhraídí air ón spéirbhruinneall a bhí ina seasamh os a chomhair.

Leag sé tinsil de shaghsanna éagsúla ar an gcuntar. Rinne an bhean dian-scrúdú ar na samplaí, á gcuimilt agus á gcur faoin solas. Faoi dheireadh tháinig sí ar cinneadh.

“Cé mhéad ar an tinsil seo?”, d’fhiafraigh sí den fhreastalaí.

“T-, t-, tá an t-ádh leat. T-, t-, tá sladmhargadh ar leith againn inniu, toisc gur seo an lá deireanach roimh Lá Nollag”, arsa an fear go neirbhíseach, “n-, n-, níl air ach póg amháin faoin drualus do gach méadar”.

“Go maith”, arsa an spéirbhean, “mar sin tógfaidh mé 12 mhéadar”.

Cheap an freastalaí go raibh Daidí na Nollag tar éis a bhronntanas a thabhairt dó go luath nuair a chuala sé an freagra seo! Thomhais sé 12 mhéadar den tinsil. Chuir sé é i mbosca gleoite ar a raibh pictiúir de fhir sneachta, de choinnle, de chloig agus de réinfhianna agus cheangail sé an bosca le ribín lonrach dearg.

“T-, t-, tá an drualus ar crochadh thall ansin”, arsa an fear óg agus crith ina ghuth is a chroí ag preabadh, “lean orm!”.

Ach ghlaigh an bhean óg ar sheanbhean a bhí in aice láithreach ag féachaint ar mhaisiúcháin Nollag, “tar anseo, a mhamó”, agus ansin dúirt sí leis an bhfreastalaí mí-ámharach bocht,

“Íocann mo sheanmháthair as mo chuntas nuair a bhím ag siopadóireacht!”



Foclóirín

álainn - beautiful; cuntar - counter; Oíche Nollag - Christmas Eve; tinsil - tinsel; maisiú a dhéanamh - decorate; freastalaí siopa - shop-assistant; tanaí - thin; starrfhiachlach - buck-toothed; taispeánfaidh mé - I will show; go stadach - stammering; speabhraídí air - in a daze; spéirbhruinneall - beautiful girl; os a chomhair - before him; saghsanna - types; éagsúla - different; dian-scrúdú - intense examination; á gcuimilt - rubbing them; faoi dheireadh - at last; tháinig sí ar cinneadh - she decided; cé mhéad ar - how much for; tá an t-ádh leat - you are in luck; sladmhargadh ar leith - special cheap bargain; toisc - because; go neirbhíseach - nervously; póg - kiss; drualus - mistletoe; méadar - metre; Daidí na Nollag - Father Christmas; bronntanas - present; go luath - early; thomhais sé - he measured; gleoite - pretty; fir sneachta - snowmen; coinnle - candles; cloig - bells; réinfhianna - reindeer; cheangail sé - he tied; lonrach - bright; ar crochadh - hanging; thall ansin - over there; crith - tremble; ag preabadh - palpitating; lean orm - follow me; ghlaigh - called; in aice láithreach - nearby; ag féachaint ar - looking at; maisiúcháin - decorations; tar anseo - come here; mamó - grand-mother; mí-amhárach - unlucky; íocann - pays; cuntas - account;

MISE AGUS AN EOLAÍOCHT

An tOllamh Scott Oser

Rugadh is tógadh mé i ndeisceart Illinois, i Meiriceá. Cé gur sloinne Gearmánach atá agam féin, "McCoy" ba shloinne mo mháthar roimh phósadh di. Ach is fada siar atá aon bhaint dhíreach le hÉirinn againn. Níl a fhios againn cathain a tháinig a muintir siúd anall, gan trácht ar an gceist cárbh as dóibh siúd. Bhí an tuairim ag mo sheanathair gurbh as deisceart na hÉireann dóibh, cé gur minice a fhaightear an sloinne sa Tuaisceart.

Bhí mé timpeall seacht mbliana d'aois, nuair a craoladh an clár teilifíse "*Cosmos*" le Carl Sagan. Anuas air sin bhí na chéad phictiúir breátha daite á chur amach ag NASA óna thaiscéalái spáis (*space probe*) *Voyager*, agus is ón dá fhoinsé sin a d'eascair mo shuim san eolaíocht. Ní ba dhéanaí bhíos den tuairim ar dtús go gcaithfinn mo dhúthracht leis an matamaitic, agus níor shamhlaíos riamh go raghainn le hábhar chomh praiticiúil leis an bhfisic. Agus mé ar tí imeacht don ollscoil, bhí deis agam coicís a chaitheamh ag *Fermilab*, saotharlann fhisice mhór-le-rá nach bhfuil rófhada ó Shiceágó. Dúisíodh suim níos mó san fhisic ionam ansin, agus d'aithníos gur mhó an bua agam don fhisic ná don mhatamaitic.



Is ag *Washington University* i St. Louis a dheineas an bhunchéim, agus dochtúireacht ina dhiaidh sin ag Ollscoil Shiceágó. Cineál mheascán na réalteolaíochta agus na fisice a bhí idir lámha agam ansin nuair a rinne mé mo PhD. Is ag lorg gáma-ghathanna ón spás amuigh a bhíomar. Éireannach darbh ainm Trevor Weekes a chuir ar ár súile ar dtús gurbh fhéidir gáma-ghathanna a fheiceáil ón talamh, ach an solas a dhéanann siad san atmaisféar a lorg. Bhain mo ghrúpa úsáid as cnuasach mór scáthán a cuireadh le chéile chun fuinneamh na gréine a bhailiú, le solas ó gháma-ghathanna a lorg i rith na hoíche, am nach raibh úsáid á baint as na scátháin chun fuinneamh na gréine a chnuasach.

Na laethanta seo, bíonn mórchuid m'ama dírithe ar cheist an damhna dorcha (*dark matter*) .i. go bhfuil 95% dá bhfuil sa chruinne




bhfuil sa chruinne dofheicthe, agus nach eol dúinn cad atá ann. Tá baint agam le tionscadal darb ainm *SuperCDMS* atá ar thóir an damhna dhorcha, agus súil agam go bhféadfaimís rian éigin de d'fháil le braiteoirí íogaire (*sensitive sensors*)

atá á dtógáil againn thíos i mianach nicile in Ontario.

Beatha Eachtardhomhandach (*Extraterrestrial Life*)

Níl aon amhras orm ná go bhfuil nithe beo ar phláinéid eile. Ba an-luath i stair ár bpláinéid féin a thosaigh an bheatha, agus is é an tátal a bhainimse féin as sin ná gur furasta a eascraíonn nithe beo ann. Tá a fhios agam go bhfuil daoine ann a cheapann gur Dia a chuir tús le beatha. Ní hé sin mo thuairim féin, ach fiú más fíor dó, ní thuigim cad ina thaobh go gcruthódh Dia na billiúin pláinéad ar fud na cruinne le bheith seasc folamh!



Braiteoirí arb é a dteocht ná -273°C, thíos i mianach



AGALLAMH AR NEAMH LEIS AN TRIÚR

Nodlaig Ó Scurlog

Seo agallamh ar neamh idir an Bandia Fódhla agus triúr de shínitheoirí Fhorógra na Cásca 1916, Seán Mac Diarmada, Tomás Mac Donnchadha agus Seosamh Pluincéid.

Fódhla: Cad iad na buntáistí a bhain Éire as bhur saothar céad bliain ó shin, dar libh?

Seán: An rud bunúsach ar dtús ná go bhfuil Arm breá ag an tír, Arm deamhúinte atá in ann feidhmiú ar an talamh, san aer, agus ar mhuir. Taobh le sin tá an daonlathas ann agus rialtas dár gcuid féin ag obair ar son na tíre (go minic ach, faraor, ní i gcónaí). Tá an Státseirbhís ann ag cur leanúnachais sa rialtas. Is trua liom nach bhfuil an mhuintir faoin tuath ag glacadh páirte mar ba chóir; tá meon coilínithe ar a lán acu fós agus iad ag iarraidh baint as an tír in ionad cuir leis an tír.



Seán Mac Diarmada



Tomás Mac Donnchadha

Tomás: Ar a laghad tá deis ag an bpobal obair ar a shon féin. Agus in ainneoin na spride laige atá ag na polaiteoirí agus ag an Eaglais Chaitliceach d'éirigh leis an bpobal cuid mhaith a bhaint amach ar a shon féin, mar shampla, an ceol Gaelach atá ag borradh i measc na ndaoine. Na constaicí móra a bhí ann le fada, tá siad ag imeacht go mall. Tá cumhacht na hEaglaise beagnach thart agus tá an meon diúltach a bhí forleathan ag imeacht, más maith is mithid (*that is good but it is not before its time*) in ainneoin rudaí cosúil leis na nuachtáin agus an teilifís lofa.

Seosamh: Chuir Seán Keating tús iontach maith leis na healaíona ag díriú ar an troid a bhí ann le linn Cogadh na gCarad agus tá ealaíontóirí maithe ann anois. An rud is tábhachtaí ar fad ná an Ghaeilge; tá sí á tosú í féin a chur in iúl don ghnáthphobal arís trí rudaí mar an **pop-up** Gaeltacht (tobGhaeltacht) a tharla le déanaí i ndeochlann (dtábhairne) *Bar Rua* ar Shráid Clarendon.



Seosamh Pluincéid

Fódhla: An bhfuil rud ar leith in easnamh sa tír anois, dar libh?

An triúr: Táimid ar aon intinn faoin fhreagra don cheist sin, an sprid neamhspleách agus an bród ceart. Tá siad ann ach tá siad lag agus sin an t-aon rud atá ag cur moille ar an tír na féidearthachtaí a ghlacadh. An rud is mó atá in easnamh ná nach bhfuil an móramh ag caint as Gaeilge mar phríomhtheanga. Tá deis iontach ann anois, áfach, toisc laige na hEaglaise agus an droch-cháil atá ar an rialtas go mbeidh daoine ag brath ar a bhféiniúlacht féin in ionad ar dhaoine eile. Tá an sprid agus an bród le feiceáil nuair a thagann daoine le chéile le Gaeilge. Tagann an chruthaíocht nádúrtha chun solais agus is minic a bhraitheann daoine níos fearr agus iad ag comhrá lena gcairde as Gaeilge.

Táimid cinnte go mbeidh todhchaí iontach ag an tír agus táimid ag súil le daonra ar 10 milliún tar éis tamaill ghearr.

TURAS GO SASANA - II: STRATFORD-ON-AVON *Micheál Ó hAoláin*

Ar an tríú lá bhí an ghrian ag spalpadh anuas orainn. Bhí sonas agus aoibhneas inár gcroí mar bhí ár dtriall ar [Stratford-on-Avon](#) in Warwickshire.

Rugadh William Shakespeare in Stratford sa bhliain 1564 agus is féidir cuairt a thabhairt ar a theach cónaithe i Sráid Henley. Is iontach ar fad an obair atá déanta ag an *Shakespeare*



Teach Shakespeare

Birthplace Trust mar tá cruth galánta ar an teach anois. Bhí Ceardlann ag John Shakespeare, athair an scríbhneora ar chúl an tí agus is ann a rinne sé lámhainní as gach uile shórt craiceann. Ní foláir ná go raibh boladh millteanach timpeall na háite. Pé scéal é caitheadh go raibh an t-athair toiciúil go leor mar toghadh é mar Bardasach ([alderman](#)) sa Bhuirg ([Borough](#)) agus bhí ar a chumas a mhac William a chlárú mar scoláire i Scoil Ghramadaí

King Edward a Sé. Bhí William timpeall seacht mbliana d'aois ag an am.

Bhíodh lá an-fhada ag na scoláirí. Thosaídis ar a hocht a chlog ar maidin agus ní bhíodh deireadh leis na ceachtanna go dtí a sé um thráthnóna. Bhí an-bhéim ar an Laidin agus ar eolas a chur de ghlanmheabhair. Ceaptar gur fhág Shakespeare an scoil seo nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois mar ag an am sin theip ar ghnóthaí a athar. Pé scéal é sin a dúradh linn agus má tá bréag ann bíodh.



Níl a thuilleadh eolais againn ar Shakespeare go dtí gur phós sé Anne Hathaway sa bhliain 1582. Ní raibh sé ach ocht mbliana déag d'aois ach bhí fiche sé bliana bainte amach ag Anne. Deirtear gur chuireadar fúthu sa teach i Sráid Henley. Tá gairdín álainn ann inniu agus flúirse bláthanna den 18ú agus den 19ú céad. Ar an mbán bíonn aistreoirí gléasta i gcultacha an ré úd agus is féidir leo do rogha monalóg nó soinéad de chuid Shakespeare a rá ansin ar an bhfaiche.

Ní ba dhéanaí thugamar cuairt ar Theachín ([cottage](#)) Anne Hathaway. Bhí athair Áine ina fheirmeoir saibhir agus bhronn sé spré mór ar a iníon. Suzanna an iníon ba shine a bhí ag Anne agus Shakespeare. Dhá bhliain ina dhiaidh sin rugadh chúpla dóibh, Hammet agus Judith.



Teach Mary Arden

Fuair Hammet bás nuair nach raibh sé ach aon bhliain déag d'aois. Bhí saol fada ag Judith. Mhair sí go raibh 77 mblianta bainte amach aici. Tá a lán troscán de Ré na dTúdarach le feiceáil sa teach sin, chomh maith le cuid a tháinig anuas ó theaghlach Hathaway féin. Bhí Mary Baker de shliocht Hathaway ina cónaí sa teach in 1892 nuair a cheannaigh An Shakespeare

Birthplace Trust an áit. Ceapadh í mar choimeádaí an tí, agus is beag athrú atá tagtha ar an áit ó shin i leith.

Achar gairid ó Theachín Anne Hathaway tá teach feirme Mary Arden, máthair William Shakespeare. Phós John Shakespeare agus Mary Arden sa bhliain 1557. Inniu tá cuid mhór de ghnáth gnóthaí feirme den Ré Thúdarach ar siúl ar an bhfeirm seo. Gach duine a bhíonn ag obair san áit bíonn siad gléasta i gcultacha an ré úd. Tá atmaisféar draíochtach ([magical](#)) san áit agus is furasta a shamhlú go bhfuil tú ar ais in aois agus ré Shakespeare féin.



Teachín Anne Hathaway

CÁBLAÍ

Seán Ó Fearghail



Tá mé díreach tar éis scéal suimiúil a léamh sa nuachtán.

De réir cosúlachta bhí mótarbhealach nua á thógáil sa Ghearmáin cúig bliana ó shin. Nuair a bhí píosa beag tochailte (**excavation**) á dhéanamh acu tháinig na tógálaithe ar sheandíog (**old ditch**) agus ag bun na díge bhí roinnt cáblaí copair. Méadar amháin faoi dhromchla (**surface**) na talún a bhí na cáblaí sin. Tháinig na seandálaithe (**archaeologists**) agus tar éis roinnt seiceála agus taighde (**research**) dúirt siad go raibh siad sásta gur chruthaigh an fhionnachtain (**discovery**) sin go raibh teileafóin in úsáid ag muintir na Gearmáine míle bliain ó shin. Fágadh an scéal mar sin.

Ansinn trí bliana ó shin nuair a bhí sean-mhótarbhealach á atógáil sa Fhrainc thángthas ar (**there was found**) dhíog eile a bhí píosa beag ní ba dhoimhne ná an ceann sa Ghearmáin. Agus cad a bhí ina luí ag bun na díge sin, dhá mhéadar faoin dromchla, ach snáithíní gloine (**glass fibres**). Chaith na saineolaithe (**experts**) go léir an-chuid ama ag féachaint orthu agus ní raibh a fhios acu sa diabhal cén ciall a bhainfeadh siad as na hiarsmaí (**relics**) sin. Ar deireadh thiar thóg siad na snáithíní suas don Ollscoil i bPáras agus rinneadh turgnaimh (**experiments**) de gach saghas orthu sa tsotharlann (**laboratory**). Tar éis bliana scríobhadh alt fada i gceann amháin de na hirisleabhair eolaíochta is tábhachtaí ar domhan ina dúradh go raibh sé soiléir go raibh snáithíní optúla agus líonra leathanbhanda in úsáid ag muintir na Fraince dhá mhíle bliain ó shin. Bhí tuairisc (**report**) faoi sin ar an nuacht ag a naoi a chlog agus ar feadh bliana ní raibh aon scéal eile á phlé ag na seandálaithe.



Cheap gach duine go raibh deireadh leis an scéal ansin go dtí is go raibh síneadh (**extension**) á chur le mótarbhealach in Éirinn. Bhí ar na tógálaithe é a ghearradh trí chnoc beag, agus dá bharr sin thochail siad síos an-domhain (**very deep**) ar fad. Tháinig siadsan ar dhíog agus ar ndóigh lean siad ar aghaidh go dtí bun na díge a bhí cúig mhéadar faoi dhromchla na talún. Ach ní bhfuair siad aon rud. Tháinig na saineolaithe uile anuas ó Bhaile Átha Cliath agus chaith siad an-chuid ama ag féachaint síos sa pholl agus píosa ama eile ag an mbun ag scrúdú gach rud. An tseachtain seo chaite bhí cur síos sna nuachtáin ar a raibh faighte acu – ón easnamh (**lack**) cáblaí agus snáithíní ní raibh aon amhras ann ach go raibh cumarsáid mhóibíleach in úsáid ag muintir na hÉireann cúig mhíle bliain ó shin!!!

UIMHIR A DÓ

Nodlaig Ó Scurlóig

Tá mise i m'aonar
ach tá tusa in éineacht liom.
Tá tusa i d'aonar ach tá mise in éineacht leat.
Cén fáth go bhfuilimid inár n-aonar?
Cén fáth go bhfuilimid le chéile?
Cinnté táimid inár n-aonar.
Cinnté táimid le chéile.
Is breá linn ar fad uimhir a haon,
tá sé torthúil teolaí agus tréan
ach caithfimid dul i ngleic leis an ngnó,
ní féidir éalú ó uimhir a dó!

LEABHAIR DON EOLAÍ ÓG

Tá 4 leabhar sa tsraith “*Seo agat*” ag cur síos ar shaol agus nósanna na bhfeithidí agus a dtionchar (**influence**) ar an chine dhaonna (**humanity**) agus ar an timpeallacht (**environment**). Tá 4 leabhar freisin sa tsraith “*Eoin Eolaí*”. Iad €5.50 an ceann. Beidh spéis ag na daoine fásta freisin san eolas atá iontu.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-24

TRASNA

SÍOS



1	climate (6)
5	expulsion (6)
9	russet (3)
11	echo (7)
12	kinsfolk (7)
13	battle (4)
14	cancer (5)
16	sprint (4)
18	food (3)
20	substance (6)
22	girl (7)
24	foggy (6)
25	juice (2)
27	calf (3)
28	molecule (6)
31	litter (2)
32	boat (3)
34	rod (3)
36	path (5)
37	nothing (4)
40	adoration (7)
41	warriors (7)
42	guest (3)
43	dictionary (7)
44	horn (6)

2	adventure (7)
3	prank (4)
4	mud (6)
5	dance (6)
6	break (4)
7	prosperous (7)
8	control (6)
10	salmon (46)
15	ham (7)
17	lameness (5)
19	crow (5)
21	freezing (3)
22	crooked (3)
23	healer (3)
25	satisfied (5)
26	apple (3)
29	book (7)
30	ninety (5)
31	deaf (6)
33	dahlia (6)
35	dwarf (5)
38	long ago (4)
39	hut (4)



CUARDACH FOCAL 4

torthaí 2 / fruits 2

aibreog (apricot)	mónóg (cranberry)
airne (sloe)	neachtairín (nectarine)
cainche (quince)	ológ (olive)
cleimintín (clementine)	péitseog (peach)
fraochán (blueberry)	pomagránait (pomegranate)
líoma (lime)	rísín (raisin)
lítsí (lychee)	silín (cherry)
mangó (mango)	táinséirín (tangerine)


N	F	R	C	T	H	C	A	E	N	Í	L	Í	S	N
Í	N	Í	S	L	Í	S	T	Í	L	Ó	N	G	Ó	R
S	Í	S	L	N	E	O	R	M	I	E	N	Ó	G	I
T	L	Í	R	A	O	I	O	M	A	N	G	E	O	A
G	I	S	T	I	É	P	M	C	I	N	C	H	E	I
I	S	A	Á	S	R	E	H	I	A	L	G	I	S	B
O	F	R	N	I	S	T	I	L	N	I	A	Ó	T	R
E	R	I	S	Á	A	I	B	R	E	T	N	Í	L	E
S	Á	S	É	I	R	F	O	G	H	C	Í	C	I	O
T	G	A	R	E	O	G	H	C	Á	N	S	N	H	G
I	Ó	Í	L	Í	O	M	A	N	G	O	Í	N	S	E
E	N	I	L	I	S	E	Ó	M	A	I	R	N	E	L
P	Ó	G	N	A	N	F	R	A	O	C	H	Á	N	I
G	M	A	G	O	E	S	T	I	É	P	É	I	T	S




TUILLEADH LEABHAR

Pádraig Mac Éil

Tá a lán Gaeilgeoirí ag freastal ar na maidineacha caife, ar ciorcail comhrá agus ag siúl ar an Aoine. Daoine cúthaileach an chuid is mó acu nach mbíonn ag caint fúthu féin. Ach tá scríbhneoirí ina measc. Tá trí leabhar i nGaeilge foilsithe ag Seán Ó Meara, *An Cine Dána* (2005), *Gus D'Aon Turas* (2010) agus *Ach a Mhuirín a Agaistín* (2011). Is fiú go mór iad a léamh. Tá siad spéisiúil, greannmhar agus fileata agus tugann siad léargas dúinn ar shaol na tíre seo agus tíortha eile ó na daichidí, Tá cóipeanna fós le fáil.




Foilsíodh *An Capall Ocrach* scéal le Pauline Devine le léaráidí ó Seán Ó Braonáin i 2015 (€7.50, 56 lth).



D'fhoilsigh Bríd Ní Dhiarmada leabhar dhátheangach faoina cat *Smokie* i mbliana. Bhí trí shliocht as le léamh in "*An Taobh ó Thuaidh*". Tá an leabhar oiriúnach do pháistí, 7-15 bhliain, nó do dhaoine fásta atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Is féidir leat cóip a cheannach (€10, 64 lth) sa Siopa Leabhar, 6 Sráid Fhearchair, BÁC 2, nó trí ríomhphost a sheoladh chuig Bríd ag bridbrien@gmail.com.

Le déanaí, bhí údar nua againn sa mhaidin chaife i nDomhnach Míde, B J Sheridan (Bairbre dúinne). Cé go bhfuil an leabhar, *To climb the Christmas Tree*, i mBéarla amháin (go fóill, ar aon nós, ach tá Bairbre ag foghlaim na Gaeilge go díograiseach). Ní hé amháin gur scríobh an bhean óg seo an scéal ach rinne sí na léaráidí gleoite uile sa leabhar freisin, bean ilchumasach. Tá an leabhar le fáil ó *Choice Publishing Bookstore*, Droichead Átha ag choicepublishing.ie (€11, 26 lth).



Táim cinnte go bhfuil údair eile inár measc ach níl na sonraí agam fós. Tá éad agam faoin éacht oibre atá déanta ag na daoine sin. Caithfidh mé smaoineamh ar conas is féidir liom aithris a dhéanamh orthu. Nach ndeirtear go bhfuil leabhar i ngach duine. Má tá, níor éirigh liom teacht air go fóill!! Cad faoi tusa - sprioc duit do 2017 b'fhéidir?

CROSFHOCAL BG XBG-23: RÉITEACH

	1	A	2	B	H	3	R	A	4	S		5	R	É	6	A	L	7	T	A		
8	Ú		R		Á		9	T	R	Á		I		O		10	L					
11	S	C	U	A	I	N	E		12	F	U	R	A	S	T	A						
	C		S		B		A		L		E		T		D							
13	T	A	C	A		14	C	L	15	U	A	S		16	G	A	C	H				
	H		A		17	A		18	L	A	Í		19	T		C		A				
20	A	21	E	R	Á	I	22	D		C		23	R	A	M	H	24	A	R			
			O		25	C	U	M	H	R	Á	N				O						
26	G	R	U	A	M	A		T		27	S	A	G	28	A	R	29	T				
30	A	N			E		31	M	A	32	C		Í		R		A					
33	I	A	34	S	C		35	M	A	R	Ó	G		36	B	R	O	C				
	S		Á		37	P		R		I		38	C		A		H					
39	C	O	I	G	I	L	T		40	S	A	Í	O	C	H	T						
	E		L		O		41	Á	I	T		O		H								
	42	B	E	A	C	Á	N		43	E	I	S	Í	T	H							

CUARDACH FOCAL 23: RÉITEACH

C	T	Á	I	P	Í	B	Í	P	Í	T	Ú	T	Í	T
A	Í	S	A	C	I	C	A	P	A	B	A	R	A	M
R	T	A	G	P	N	A	C	L	Í	M	A	P	L	A
Á	I	C	I	T	A	Í	A	R	A	S	Ú	N	T	R
B	E	A	M	Á	L	S	S	N	L	B	Á	Í	O	S
A	T	A	G	N	A	M	D	I	P	D	P	R	L	Í
P	L	A	R	U	M	U	R	M	A	G	A	I	A	N
A	L	P	Í	N	A	G	A	P	C	M	C	A	C	O
C	Í	A	T	Ó	C	R	S	L	A	Í	R	M	S	C
M	A	L	C	T	G	Í	A	S	D	C	G	A	O	A
Í	G	P	R	A	Ú	O	C	H	P	E	L	T	M	L
A	T	C	E	M	P	S	P	A	D	A	D	U	N	A
U	R	Í	P	H	D	Ú	T	Í	T	R	D	G	A	T
G	R	A	T	S	A	N	A	E	A	G	R	A	M	Í
Í	A	T	A	Ó	C	Ú	P	H	D	A	C	I	N	T

SEANFHOCAL

Bailíonn brobh beart
Every little counts

SLÁN LE SEÁN TARBH

Derick Móicléir

SCRÍBHNEOIRÍ 2016

Bíonn gach éinne ag caint faoi “*Brexit*” anois (Lúnasa 2016). Sna véarsaí seo leanas samhlaítear dearcadh ó thaobh an Aontaigh Eorpaigh!

Lóistéir fadthéarmach inár dtigh, Seán Tarbh a ainm is sloinne
Coicís ó shin a d’fhógair sé nach mbeadh sé feasta linne
Ach féach go bhfuil sé gan imeacht, ina sheasamh sa ghairdín
Gan bróga taistil air go fóill, a threalamh sa lóistín!

Dar linn ag féachaint air anois tá amhras ar an bhfear
An bhfanfaidh sé ‘sa chomharsanacht nó bailiú leis thar lear?
Cá bhfios nach gcasfar air amuigh dian-chruatan is anró
Is baol nach mbeidh gach fáiltiú fial i measc strainséirí dó!

Ach ní ar Sheáinín Tarbh amháin a thitfidh deacrachtaí
Is cailleadh dúinn a chíos sásúil ag teacht isteach gach mí
Ach rud i bhfad níos measa fós a impí míthráthúil
Ar dhinnéir saor in aisce linn a ithe go laethúil!

A mhadraí fós i gcúl an tí t’r éis dul isteach faoin mbord
Is mian leo fanacht linn go deo faoi shuaimhneas is compord
Ag caoineadh go truamhéalach a bhíd ar feadh an lae
Is Seáinín féin lánchinnte iad a scuabadh leis ar strae!

Fadó nuair tháinig Seán d’ár dteach bhí rialacha i réim
Gan neart ar bith ná éigean air do ghlac sé leis an scéim
Faraor! Níor thúisce dó istigh ná chrom sé ar chlamhsán
Ag cáineadh rialacha an tí le hargóint is gearán!

I measc rudaí nár thaitin leis bhí dlúthú ball ár gclainne ;
Is mó neartú is deisiú tí gur chuir sé in a gcoinne
B’fhearr leis laghdú a chur ar dhéirc a thugaimis do bhochtaibh
Is nuair a thrácht sé ar ár gclann níor labhair sé ach ar lochtaibh!

Cúis bhróin anois a imeacht uainn – ach cúis ríméid ar shlí
Beidh deis againn as seo amach oibriú níos éifeachtaí
Ólaimid sláinte Sheáin mar sin, níl neach againn gan locht
Cá bhfios nach ndéanfadh fiche seacht níos mó ná fiche hocht!

Bunaíodh “*An Taobh ó Thuaidh*” chun deis a thabhairt do mhuintir na maidineacha caife an Ghaeilge a léamh agus a scríobh. Is deacair eagrán a chur le chéile gan chabhair ó na daoine a sheolann alt nó dán chugam. Rinne 26 duine an t-éacht sin i 2016. Mo mhíle bhuíochas dóibh go léir. Seo an Rolla Onóra:
Máire Blundell,
Brid Brien ,
Sam Brown,
Máire De Brien,
Clare Lyons,
Pádraig Mac Éil,
Roibeárd Mac Cathmhaoil,
Deasmhumhain Mac Gearailt,
Tony McNally,
Derick Móicléir,
Rita Ní Ghóilín,
Micheál Ó hAoláin,
Stiofán Ó hAoláin,
Seán Ó Cadhain,
Liam Ó Culbáird,
Seán Ó Fearghail,
Seán Ó Mathúna,
Seán Ó Meara,
Pádraig Ó Muircheartaigh,
Cillian Ó Néill,
Nodlaig Ó Scurlog,
Antóin Ó Seaghda,
Diarmuid Ó Súilleabháin,
Seosaimhín Ruiséal,
Raymond Taylor,
Máire ó Marino.
Mo ghraidhin go deo sibh! Ar aghaidh leis an scríbhneoireacht i 2017!

DÚSHLÁN DO 2017

A léitheoirí a chairde déan rún (**resolution**) don Athbhliain go mbeidh d’ainm ar liosta scríbhneoirí “*An Taobh ó Thuaidh*” in eagrán Samhain-Nollaig 2017. Is féidir leat leath-leathanach (230 focal) nó leathanach iomlán (450 focal) a líonadh. Féach ar na sean-eagrán i gcomhar smaointe. Tá idir alt trom agus éadrom ann, taisteal, stair, eolaíocht, spórt, léirmheasanna, cuimhní cinn, agus araile. B’fhéidir go bhfuil smaointe dá gcuid féin agaibh, seánraí (**genres**) nua.

